NEWS NUACHT

CONTENTS CLÁR

News 62
Nuacht

“ The talent and credibility of our journalists is our greatest asset.”





NEWS / NUACHT

Ed Mulhall *Stiúrthóir Nuachta*

D'éirigh go maith le Rannóg na Nuachta arís le linn 2000. Coinníodh lucht éisteachta mór agus, i gcás roinnt clár, cuireadh lena líon. I gcás na teilifíse, bhí breis daoine ag féachaint ar an 6.01 News, Nationwide agus News 2. I gcás an raidió, méadaíodh líon an lucht éisteachta ag Morning Ireland agus News at One. Is údar sásaimh an treocht seo agus deimhníonn taighde lucht éisteachta go bhfuil ardmheas ar nuacht RTÉ i measc an phobail agus gurb iad tallann agus creidiúnacht ár n-iriseoirí an tsócmhainn is luachmhaire againn.

Thug a gcomhghleacaithe aitheantas d'iriseoirí nuachta RTÉ le gradaim éagsúla i 2000. Bhuaigh Mary Wilson, Comhfhreagraí ar Chúrsaí Dlí, gradam mar Iriseoir na Bliana ag Gradaim Náisiúnta na Meán ag BSL – Ba é seo an dara babhta ar tugadh an t-aitheantas seo do lucht nuachta RTÉ. Bhuaigh Mary Wilson gradam foriomlán Cheartas sna Meáin ó Dhlí-Chumann na hÉireann. Bhuaigh Annette O'Donnell, Paul Cunningham, Kathleen MacMahon, Diarmuid Peavoy agus Walt Kilroy gradaim eile.

Cuireadh leis an gclúdach nuachta ar feadh na bliana. Craoladh an clár 6.01 ó láithreacha ar fud na tíre agus thar lear ar roinnt ócáidí. Chuir scar-roghanna ó Chorcaigh, Gaillimh agus Baile Átha Cliath i Nationwide béim arís ar sheasamh dílis nuacht RTÉ i leith na réigiún. Lean iriseoirí nuachta, ar raidió agus ar theilifís, den chlúdach cuimsitheach ar na Binsí éagsúla.

Ba í an bhliain seo caite an chéad bhliain iomlán a raibh an dara tuairisceoir san Eoraip againn agus bhí sé seo le haithint ar leithead agus ar dhoimhneacht ár dtuairiscí. Bhí an tEagarthóir Iasachta, Margaret Ward, ar dhuine den bheagán iriseoir iasachta a bhí ag tuairisciú ó Bhéalgrád an lá ar cuireadh críoch le réim Milosevic. Sholáthraigh Mark Little, a bhí ag críochnú a théarma mar Chomhfhreagraí Washington, agus a chomharba, Carole Coleman, clúdach fairsing ar an toghchán i SAM.





1 Richard Crowley, presenter Morning Ireland. *Richard Crowley, láithreoir Morning Ireland.*

2 Áine Lawlor, presenter, Morning Ireland. *Áine Lawlor, láithreoir Morning Ireland.*

3 David Hanly, presenter, Morning Ireland. *David Hanly, láithreoir Morning Ireland.*

Ed Mulhall *Director of News*

2000 was another successful year for the News Division. Audiences remained high and, in the case of a number of programmes, grew. On television, the 6.01 News, Nationwide, and News2 all had an increase in viewership. On radio, Morning Ireland and News at One both improved their audience figures. This welcome trend was backed up by audience research which showed that respect for RTÉ News was very high among the public and that the talent and credibility of our journalists was our greatest asset.

News journalists were also recognised by their peers with a number of awards during 2000. Legal Affairs Correspondent Mary Wilson won the ESB National Media Awards Journalist of the Year – this was the second time in three years that RTÉ News received this accolade. Mary Wilson also won the Law Society Justice in the Media overall award. Seán Whelan, Europe Reporter, Margaret Ward, Foreign Editor, reporters Tony Connelly and Paul Cunningham were commended for their reporting of the war in Kosovo. Other awards were won by Annette O'Donnell, Paul Cunningham, Kathleen MacMahon, Diarmuid Peavoy and Walt Kilroy.

News coverage continued to grow during the year. The 6.01 programme did a number of location broadcasts from around the country and abroad. RTÉ News's commitment to the regions was re-emphasised with opt-out broadcasts from Cork, Galway and Dublin in Nationwide. News journalists continued to cover the various tribunals comprehensively both on radio and television.

The past year was the first full one in which we had a second reporter in Europe and this was reflected in the increased breadth and depth of our reporting. Foreign Editor Margaret Ward was one of the few foreign journalists reporting from Belgrade on the day of the fall of the Milosevic regime. Extensive coverage of the drawn-out US election was provided by outgoing Washington Correspondent, Mark Little, and by his replacement, Carole Coleman.

1 Carole Coleman, Washington Correspondent. *Carole Coleman, Comhfhreagraí Washington.*

2 Charlie Bird and George Lee.



Ar leanúint

Deineadh tuairisciú leathan nuachta ó na Cluichí Oilimpeacha i Sydney agus soláthraíodh Seirbhís Nuachta Céadphroinne le linn na gcluichí. Deineadh clúdach cuimsitheach chomh maith ar na Parailimpicí sna feasacháin nuachta agus i gclár gairid laethúil a léirigh Rannóg na Nuachta i gcomhpháirt le Spórt agus Láithreachas.

Lean Rannóg na Nuachta de sholáthar ábhair do sheirbhísí nuachta ar-líne RTÉ agus réitíodh roinnt míreanna ar leith don láithreán gréasáin. Cuireadh iriseoir ar-líne isteach sa Seomra Nuachta chun feabhas a chur ar chomhoibriú agus ar inghlacadh an ábhair. Deineadh roinnt tuairiscí speisialta do Prime Time agus tháirg an Rannóg roinnt cláir fhaisnéise don sceideal Teilifíse. Tugadh faoin gclúdach ar thoghcháin SAM agus cuairt an Uachtaráin Clinton i bpáirt le Cúrsaí Reatha.

Tá Nuacht TG4 le haontú le Nuacht RTÉ i rith na bliana 2001 agus dlúthaíodh na naisc eatarthu. Feabhsaíodh aschur an dá stáisiún i rith na bliana le malartú ábhar agus le cabhair dá chéile.

1 Nuacht TG4 news team.
Foireanna Nuachta TG4.

Continued

News reported extensively from the Sydney Olympics and provided a Breakfast News service for the duration of the games. The Paralympics, too, were covered comprehensively both in News bulletins and in a short daily programme produced by News in cooperation with Sport and Presentation.

News Division continued to provide content to RTÉ's on-line News services and a number of specials were done for the web site. An on-line journalist was located in the Newsroom to help the intake of material and to improve cooperation. A number of special reports were done for Prime Time and News offered a number of documentaries to the Television schedule. Coverage of the US elections and of the visit of President Clinton was mounted in cooperation with Current Affairs.

Nuacht TG4 is to merge with Nuacht RTÉ in 2001 and relations between the two newsrooms have become closer. Exchanges of material and assistance have improved the output of both stations.

1 Bryan Dobson and Una O'Hagan – Six-One.

2 Sharon Ní Bheoláin.

3 Eileen Dunne.

4 Anne Doyle.